# Guth Ghoill

€3



**Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.**

Fón: 074 9154830 / Rphost: ceimaniar@eircom.net / Facebook: Céim Aniar Teo

# Muintir Mhicí Rua

Ma bheirean tú ruaig thart ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin i gceantar Ros Goill (ag dul i dtreo an taobh thoir) tiocfaidh tú go barr Mhalaigh na Glíobe i ndiaidh cúpla míle den turas a bheith curtha tharat, ar aghaidh leat ansin fríd Lag an Abair go dtí go dtagann tú go Barr na malacha áit a bhfosclaíonn Gleann Raithní amach romhat agus an chéad rud a tharraingíonn do shúil ná an teach álainn cloiche atá ar thaobh na láimhe clé leathbealaigh síos an mhalaigh, seo teach mhuintir Mhicí Rua (Ó Buaidhe) – teach álainn cloiche agus a aghaidh amach Báighe Thrá na Rosann. Tá an seanteach ar a chúl áit a raibh cónaí ar na glúnta de mhuintir Mhicí Rua ag dul siar corradh agus cúpla céad bliain, ag dul siar is dócha go dtí am Éamonn Ó Buaidhe a rugadh sa cheathrú dheireanach den ochtú céad déag. (1775—1800).

**Teach Mhicí Rua**



Thosaigh Mícheál Mac a' tSaoir (Mícheál Thuathail Steafáin) ar an teach seo a thógáil do Phaidí Mhicí Rua ar an aonú lá déag de Mheitheamh 1934 agus bhí an obair thógála déanta aige ar an cheathrú lá déag de Mhí na Nollag 1934. Ba é Paidí é fhéin agus a mhac Mícheál a ghearr na clocha as an choireál (quarry) a bhí i mBearna na Gaoithe, bhí seo thuas ar chúl an tí.

**Paidí Ó Buaidhe:** Paidí Ó Buaidhe a bhí ina athair mór ag Paidí Mhicí Ruaidh. Mac a bhí ann d'Éamonn Ó Buaidhe as an Ghlíob. Thiocfaí a rá gur rugadh Éamonn am inteacht sa cheathrú dheireanach den ochtú céad déag. Níl eolas againn cá air a pósadh é ná cá huair ach go raibh mac aige a raibh Paidí air agus cé nach bhfuil aois Phaidí againn thig linn glacadh leis gur rugadh é go luath san naoú céad déag. Bhí Paidí pósta ar Róise Nic Giolla Chomhaill as an Ghlíob, bean a rugadh sa bhliain 1821 agus a raibh ochtar clainne aige lei:

**Chéarlaí:** Pósadh Chéarlaí sa bhliain 1917 ar Susan Nic a't Saoir as Baile na Deora.

**Peigí:** Rugadh Peigí 1841 agus pósadh í sa bhliain 1864 ar Sheán Ó Dubhthaigh as an Ghlíob. Ba seo athair mór agus máthair mhór John Thua-

thail Mhóir.

**Rosie:** Rugadh Rosie sa bhliain 1840 agus pósadh í ar Thuathal Mac Laifeartaigh as an Ard Bhán.

**Nóra:** D'imigh Nóra go Meiriceá.

**Nead: (1851—1941)** Rugadh Nead sa bhliain 1851 agus pósadh é ar Mháire Coyle as Carraic.Fuair Nead bás sa bhliain 1941.

**Anna:** Rugadh Anna sa bhliain1864. D'imigh sí go Meiriceá.

**Nábla:** Pósadh Nábla ar Neil Mac Eamharcaigh ( Mc Cafferty) as an Tearmann sa bhliain 1877.

**Micí Rua. (1842—1916).**




Rugadh Micí Rua sa bhliain 1842. Pósadh é sa bhliain 1875 ar Róise Eoin Nic Giolla Bhríde as Gleann Cheo agus bhí trí cloigne déag de chlann acu, cúigear mac agus ochtar níonach – Paidí (1878), John (1879), Edward (1881), Chéarlaí (1883),Bríd, (1886 ), Máire (1887), Rosie (1884), ( Bhí Rosie pósta ar Phaidí Ó hOireachtaigh as na Dúnaibh). Annie( Annie Mhór,1888),Ellen ( Neilí Mhór,1890), Nóra (1892), Máire (1893), Micí (1899), Cití (1900). Bhí cónaí orthu sa tseanteach ar an Ghlíob. Fuair Micí Rua bás sa bhliain 1916 agus é na ceithre bliana déag agus trí scór, bhí Róise dhá bhliain déag agus na ceithre scór nuair a fuair sise bás sa bhliain 1944. Bhí Annie pósta in Albain ar Alex Mac Giolla Choinnigh (Mc Elhinney) agus chaith Annie agus mac léithe a raibh Alex air fosta tréimhse sa bhaile le linn an chogaidh. Chuaigh Alex go Scoil Mhíobhaigh áit ar fhoghlaim sé a chuid Gaeilge agus bhí an Ghaeilge ar a theangaidh aige go dtí an lá a fuair sé bás traidhfil bliantaí ó shin agus é os cionn deich mbliana agus ceithre scór.



**Róise Nic Giolla Bhríde, Gleann Cheo, ar chlé. Bhí sí pósta le Micí Rua Mac Giolla Bhríde**

**Paidí Mhicí Rua.**



**Paidí Mhicí Rua**

Duine de na mic a bhí ag Micí Rua ab ea Paidí agus rugadh Paidí sa bhliain 1878. Phós Paidí Róise Nic Giolla Bhríde as Cluain tSaileach, deirfiúr de chuid John Dhonchaidh Mhícheáil. Bhí ochtar clainne ag Paidí agus Rosie, ceathrar mac agus ceathrar 'níonach – Rosie, John, Micí, Nellie, Máire, Dinis, Annie agus Pádraig.

**Rosie:** Rugadh Rosie ar an 15ú Meitheamh sa bhliain 1914. Bhí sí pósta i Rath Mealtáin ar Barney Collins. Bhí Óstlann acu ar an bhaile ansin ar feadh blianta fada. Fuair Rosie bás ar an tríú lá fichid de Mhí na Nollag 1995.



**Rosie Dhonchaidh Mhicheáil, bean chéile Paidí Mhicí Rua (ar dheis) lena deirfiúr Nan.**

**John:** Rugadh John in Eanáir na bliana 1911 ach fuair sé bás seachtain ina dhiaidh sin.


**Nellie:** Cha raibh Nellie pósta agus bhí cónaí uirthi sa bhaile i nGleann Raithnigh ar feadh a saoil.Rugadh í Meitheamh na bliana1932. Cha raibh a sláinte ró-mhaith agus fuair sí bás mí Márta na bliana 1977.

**Máire:** Rugadh Máire i Meán Fómhair na bliana 1918 agus fuair sí bás ina girseach óg seacht mbliana dé-ag sa bhliain 1935.

**Micí:** Rugadh Micí sa bhliain 1916 agus bhí sé pósta i



**Maire Mhicí Rua (fuair sí bás ag seacht mbliana déag)**



[illegible]
Na Dúnaibh
16adh Márta '34.

A athair a chroidhe
Seo cupla focal le innse duit go dtáinig mé na bhaile arais. Tá mo mhathair agus mo mhathair mhór níos fearr. Bhí Donnchadh sa bhaile indiu. Bhí muid ag feitheamh leat inde ach bhí an aimsir olc. Tá an t-aifrionn críochnaigh sa scoil anois.
Seo a bhfuil agam le h-innse duit anois. Tá súil agam go mbéidh [illegible] orta uilig do t-fladan nuair a thiocfaidh tú arais.
Is mise le meas
do ingean
Máire

**Seo litir a scríobh Máire chuig a hathair nuair a bhí sé ar shiúl as baile ag obair leis an Chomhairle Contae**

Newcastle. Maraíodh é ag a chuid oibre ar an 27ú Lúnasa 1945. Cha raibh clann ar bith aige.

**Dinis:** Rugadh Dinis ar an ceathrú lá fichid d'Aibreán 1912. Bhí sé pósta i Newcastle agus bhí ceathrar clainne aige, beirt mhac agus beirt iníonach. Fuair sé bás sa bhliain 1982.

**Annie:** Rugadh Annie ar an 27ú Meitheamh sa bhliain 1920. Bhí sí pósta le Den Mac Giolla Bhríde as an Mheall Mhór agus bhí ceathrar clainne acu, triúr iníonach, Roseanne, Máire agus Sally agus mac amháin, sin John. Chaith Annie a saol i nGleann Raithnigh, bean ghealgháireach, lách chairdiúil, a raibh neart grinn inti. Fuair Annie bás seachtain roimh an Nollaig sa bhliain 2003.

**Paidí:** Rugadh Paidí ar an 7ú lá de Feabhra 1923. Chuaigh sé go Glaschú ag obair ach ar an drochuair leag carr é dá rothar agus maraíodh é ar an 7u Lúnasa 1945. Cha raibh sé ach trí bliana agus fiche.

**Ag obair don Chomhairle Contae agus ag Iascaireacht.**

Bhí Paidí ina fhear léannta agus choinnigh sé dialann ar feadh tréimhsí ina shaol, dialann a bhain lena shaol pearsanta chomh maith lena shaol oibre. Is suimiúil an dialann a choinnigh sé agus é ina cheann urraidh ar obair na mbealtaí móra nuair a bhítí a dtarráil agus nuair a bhíodh obair chothbhála a dhéanamh orthu. Bhí sé ag dul don obair seo siar chomh fada le Gaoth Dobhair mar atá le feiceáil ón mhéid atá sa dialann aige. Chaith sé tréimhsí fada ag iascaireacht fosta agus dar ndóigh, mar atá le feiceáil óna chuid obair adhmadóireachta sa teach a thóg sé i nGleann Raithní bhí sé ina mháistir ar cheird na siúinéireachta. Mar sin de is cinnte gur fear ildánach (versatile) a bhí ann.

**Ag Iascaireacht.**



**Na Deartháireacha Micí (clé) agus Paidí Mhicí Rua (Maraíodh an beirt acu i dtimpistí)**



**Dinis Mhicí Rua (Mac le Paidí Mhicí Rua, ar dheis)**



**Annie Mhicí Rua ar dheis, Dinis Mhicí Ó Gallchóir agus Cití Steafáin**



**Paidí Mhicí Rua an ceathrú duine ó chlé sa tsraith i lár Báire.**

Mar ba dual do stócaigh na linne sin chuaigh Paidí a' iascaireacht nuair nach raibh sé ach thart fá scór bliain d'aois. Nuair a amharcann tú fríd 'the Zulu fishermen' le Pat Conaghan gheobhann tú léargas iontach ar líon na bhfear as an pharóiste seo a chaith tréimhsí ar an fharraige. Nuair a thosaigh Bord na gCeantar Cúng ag cur bádaí agus an géar ar fáil do mhuintir na háite is fir óga a bhí a dhíobháil orthu. Mheas an Bord go mbeadh sé níos fusa oiliúnt agus smacht a chur i bhfeidhm ar an aoisghrúpa seo. Cuireadh teagascóir ar achan bhád agus bhí ar an chriú glacadh lena chomhairle agus lena chuid ordaithe. Is dócha go dtiocfaí a rá gur seo an chéad chineál fostaíochta buan a cuireadh ar fáil sa cheantar ariamh agus de thairbhe sin nuair a shínigh na h-iascairí óga seo conradh (agreement) leis an Bhord d'fhéadfadh sé nach raibh an tuiscint cheart ag a bhfurmhór caidé bhí siad a'síniú. Bhí an Bord ag dúil go bhfanfadh na fir óga seo ag iascaireacht ar chriúanna na mbádaí seo go dtí go mbeadh an bád íoctha as agus go dtabharfadh siad an aire cheart don ghéar fosta. Mheas Pat Conaghan ina leabhar nach iontas ar bith a bhí ann mar sin gur tugadh bata agus bóthar do chuid de na hiascairí ó na bádaí corruair ach gur iontach an rud é gur mhair an scéim ó bhliain go bliain mar gheall ar chuid ama na n-iascairí a bheith rannta idir talamh agus farraige in amanna.

**St. Anna.**


Ba seo ceann de na bádaí a raibh Paidí Mhicí Ruaidh uirthi. Thug an Bord an bád do chriú as na Dúnaibh ar an 20ú Samhain 1901. Ba ag criú as Teidhleann a bhí sí roimhe seo. Ar an chriú as na Dúnaibh bhí: Pádraig Ó Luodhóg, (Pádraig Shéamais), Dún Dumháin, Pádraig Ó Buaidhe ( Paidí Mhicí Rua) an Ghlíob, Dónal Ó Conchúr, an Ghlíob, Anton Ó Dochartaigh,


Baile na Deora, Mícheál Ó Siadhail, Dumhaigh agus Tuathal Ó Dufaigh, ( Tuathal Mór) an Ghlíob. Don bhliain go Mí Márta 1905 shaothraigh achan fhear £19 6s 10d. Don bhliain a chríochnaigh Márta 1906 shaothraigh achan fhear £40 2s 10d. agus don naoi mí a bhí fágtha sa bhliain sin, ba sin ó Mhárta go Nollaig shaothraigh siad £44 4s 3d an fear. Dhíol na fir an bád ar ais chuig an Bhord ar luach £65 agus fuair siad £54 mar luach ar an ghéar.

Seo leabhar Bhord na gCeantar Cúng a thaispeánann go raibh Paidí Mhicí Rua ina theagascóir (instructor) ar na bádaí iascaireachta fosta. Bhí cuntas le coinneáil sa leabhar seo ar an méid iasc a bhí na bádaí a thabhairt isteach ar achan thuras iascaireachta a rinne siad. Taispeánann sé fosta an luach a fuair siad ar a gcuid éisc. Ba seo an cuntas a bhí aige don bhád an ' Harvest Star'.

**St. Molaise 11**

Thug an Bord anois bád úr do chriú an St.Anna i Mí na Bealtaine 1907. An comhlacht Scott &Yule, Frazrburgh a thóg an bád, a bhí os cionn leathchéad troigh ar fhad, ar chostas £352 9s 8d. Bhí Paidí Mhicí Ruaidh mar scipéar ar an St Molaise 11 agus bhí athrú amháin ar an chriú agus sin gur ghlac Eoin Ó Bu-



12

Congested Districts Board for Ireland.

BOAT "Harvest Star"

Register of Fish caught and sold during the week ended 18th July 1914.

| Date | Kinds of Fish | Quantity: No. of Boxes, Barrels, &c. | Approximate Weight: Cwts. | Qrs. | Lbs. | Selling Rate | To whom sold | Nett Amount Realized: £ | s. | d. |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| May | | Crans | | | | | | | | |
| 22nd | Herrings | 6½ | | | | 23/- | | 7 | 9 | 6 |
| | " | 12½ | | | | 16/6 | | 10 | 6 | 3 |
| | " | 5½ | | | | 19/- | | 5 | 4 | 6 |
| | " | 10½ | | | | 18/6 | | 9 | 14 | 3 |
| | | 35 | | | | | | | | |
| Totals, ... | | | | | | | | 32 | 14 | 6 |

I certify that the above particulars are correct.

Signature of Instructor, Patrick Boyce

Date 18th July 1914.

N.B.–The number of Boxes, Barrels, etc., of Fish sent to market, and the number of hundreds, dozens, etc., of Fish sold locally should be entered under the head "quantity." The names and addresses of purchasers should be given in every case when possible.


aidhe ( Eoin Phaidí Bhuaidhe) as Míobhaigh áit Phádraig Shéamais ar an chriú. Bhí £56 13s 3d saothraithe ag achan fhear go dtí an bhliain 1909, sin tréimhse dhá bhliain. Bhí íoctha as an bhád fán bhliain 1912, ghlac an Bord seilbh uirthi 1912 agus i mí Aibreán na bliana 1912 thug an Bord í amach arís don chriú chéanna ach le hathrú amháin, sin go raibh John a' Dochartaigh, Gleann Úraí in áit Anton Ó Dochartaigh, Baile na Deora.

Nuair a tháinig meath ar chúrsaí iascaireachta fán cheantar sna fichidí chaith cuid mhaith de na bádaí seo an chuid eile dá saol i mbarr a' chladaigh ag Lag na hUilinne. Díoladh cuid acu ar luach an-íséal ach luigh a lán acu ansin go dtí gur lobh siad agus úsáideadh na creatlacha mar ábhar tine. Maidir leis an St. Molaise 11 d'fhógair an Roinn Iascaigh i mí na Samhna 1932 go raibh sí ar an mhargadh, bhí sí ina luí gan úsáid ag Lag na hUillinne ag an am. Char thaispeáin duine ar bith ábhar suime sa bhád agus díoladh í sa deireadh le Jack Buchan, a bhí mar cheann urraidh ar bhádchlós Mhíobhaigh, ar dheich scillinge. Nach brónach an mhaise é gur seo an deireadh a tháinig ar na bádaí breátha seo inár thug an oiread sin iascairí a mbeatha i dtír iontu ar feadh fada go leor.


**Ag Obair ar an Bhealach.**

Bhí Paidí ina cheann urraidh ar an obair a bhí ag dul ar aghaidh go leanúnach ar na bealtaí móra, sna blianta sin i ndiaidh Saorstát Éireann a bheith curtha ar bun, go háirithe obair tharrála. Istigh le seo tá cúpla duilleog óna dhialann, chan amháin gur choinnigh sé cuntas cruinn ar chuile rud a bhí ag dul ar aghaidh ach ba scríbhneoir den scoth a bhí ann fosta agus an litriú ina dhialann cruinn beacht. Charbh ghnáthrud a bhí anseo do dhuine a rugadh sa bhliain 1878.

De réir na dialainne thosaigh an bealach úr ón Ghlíob go Dumhaigh ar an Aoine an 20ú lá de Mheitheamh 1919. Bhí Paidí i gceannas ar an bhealach seo fosta. Tháinig an chéad charr nó is dócha gur vaein a bhí ann san am thart ó Dhumhaigh go dtí an Ghlíob ar an seachtú lá déag de Mheithimh 1924 agus ba sin an Mailcar. Seo an bealach anois ar tugadh an Atlantic Drive air ó thús ama agus bealach atá mar pháirt mhór sa lá atá inniu ann do Bhealach an Atlantaigh Fhiáin. Is dócha gur ar an bhealach seo atá cuid de na radhar-




**Taispeánann an píosa seo ina dhialann go raibh cleasaíocht agus maistíneacht ag dul ar aghaidh san am sin fosta.**



**Seo cuntas óna dhialann don Chomhairle Contae.**

canna is áille sa cheantar agus dheamhan mórán athruithe tagtha ar an bhealach seo ón lá sin fada ó shin ar chríochnaigh Paidí Mhicí Rua agus a chriú é.

Taispeánann an píosa seo ina dhialann go raibh cleasaíocht agus maistíneacht ag dul ar aghaidh san am sin fosta).

**Paidí agus an Poitín.**

Ar chlár Barrscéalta ar Raidió na Gaeltachta d'inis Annie Mhicí Rua, sin iníon Phaidí an scéal faoi bheith ag cuidiú lena hathair poitín a dhéanamh. Ba seo trí bliana sula bhfuair Annie bás. Dúirt sí gur chuimhin léi go dearn sé 9 ngalún poitín uair amháín agus gur dhíol sé na 9 ngalún ar an Chraoslach ar 8 schilling an galún. Rinne Paidí Mhicí Rua a stil agus a worm fhéin agus chan amháin sin ach bhí aintín leis a raibh Nábla uirthi pósta ar Mhac Eamharcaigh ar an Tearmann agus rinne sé stil agus worm dóibhsean fosta. Nuair a bhí an stil déanta aige do mhuintir an Tearmainn d'fhág sé fhéin agus John Ó Dubhaigh (John Thuathail Mhóir) an teach ag a dó a chlog maidin amháin agus thug a n-aghaidh ar an Tearmann leis an stil, iad ag déanamh sealanna ag iompar an stil ar a ndroim. Níl fhios againn caidé'n t-am a shroich siad an Tearmann ach is cinnte gur turas fada a bhí ann agus stil ar iompar agat. Baisteadh na 'stillers' i gcónaí ina dhiaidh sin ar theaghlach a aintín Nábla.

Cé go raibh laghdú mór tagtha ar dhéanamh poitín sa cheantar seo sna fichidí bhí an poitín a dhéanamh i gcónaí agus is cinnte go ngearrfaí fineál ghéar nó tréimhse sa phríosún ar an té a mbeirfí air. Ach bhí na daoine breá eolach ar mhodhanna oibre na bpóilíní agus bhí siad ábalta cibé na hiarrachtaí a dtabharfadh na póilíní faoi a shárú. Bhí buidéal nó cúpla buidéal poitín i bhfolach i bhfurmhór na dtithe agus chan leis an tart a chloí i gcónaí a bhí sé i bhfolach ach baineadh úsáid mhór as fosta le daoine agus ainmhithe a leigheas ar ghalair áirithe. Bhain daoine úsáid mhór as san am sin fosta fá choinne a gcuid piantaí a leigheas. Bhí an poitín cuid mhaith níos saoire dar ndóigh ná an t-uisce beatha a cheannófaí agus bhí sé thar a bheith úsáideach i dteach ina mbeadh bainis, faire nó duine inteacht ag imeacht go Meiriceá. Ach bhí na poilíní de shíor ag dul thart ag cuartú. Lá amháin shiúil siad isteach tigh Mhicí Rua. Chonaic Rosie, bean Phaidí, iad ag teacht

isteach ar an tsráid. Bhí a mac Dinis ina leanbh sa chliabhán agus i bhfaiteadh na súl bhí buidéal poitín a bhí i bhfolach ar an driosúr sciobtha léithe agus curtha i bhfolach sa chliabhán faoi chorp an linbh. Chuardaigh siad an teach ó bhun go barr ach dadaí chan fhuair siad. Bhí eolas maith ag na póilíní i gcónaí cé bhí ag déanamh an phoitín mar go raibh a gcuid spiairí fhéin acu in achan cheantar óna raibh siad ag fáil a gcuid eolais. Nuair a bhí siad ar shiúl amach an casán dúirt Paidí Mhicí Rua le Rosie, 'bhí mise cinnte go raibh buidéal poitín sa teach seo áit inteacht'. Le sin thóg Rosie an buidéal amach as an chliabhán. Tá mé cinnte go raibh deoch ag an bheirt acu as, bhí sé tuillte go maith acu.

Bhí am eile blianta roimhe sin nuair a thóg na Black and Tans Paidí agus John Bán Ghallchóir agus thug siad iad ar shiúl siar go dtí an Machaire Beag. Choinnigh siad iad ansin i rith an lae a gceistiú faoi cá háit a raibh an poitín i bhfolach acu. Chan fhuair siad mórán sásaimh as a gcuid fiosrúchán.

Fuair Paidí Mhicí Rua bás sa bhliain 1965 agus cuireadh an stil agus an worm a bhí aige i bhfolach i mbruach na habhna. Ach char cuireadh an stil i bhfolach i bpoll ar bharr bhruach na habhna, cuireadh é i bhfolach faoin bhruach isteach ó thaobh na habhna. Maidin amháin d'amharc Annie amach ar an fhuinneog agus chonaic sí go raibh píosa tochailte déanta ar an bhruach i ndeas den áit a raibh an stil i bhfolach agus nuair a scrúdaigh a mac John an bruach chonaic sé go raibh an stil goidte. Ba mhór an truaighe é bheith goidte, chan go rabhar ag dul a bhaint úsáide ar bith eile as ach ba phíosa oibre den scoth a bhí sa stil a bhí déanta ó lámh mháistir a cheirde.

**Buaireamh an tSaoil.**

Macasamhail chuile dhuine a théann fríd an tsaol bhí a mbuaireamh fhéin ag Paidí agus ag Rosie fosta. Fuair a iníon Máire bás agus í ina bean óg ar an dara lá d'Iúl 1935. Fuair Rosie í fhéin bás sa bhliain 1956 agus gan í ach na ceithre bliana agus trí fichid.

Maraíodh a mhac Paidí i nGlaschú sa bhliain 1945 nuair a leag carr é dá rothar. Cha raibh sé ach dhá bhliain agus fiche.

Bhí níos measa le theacht. Is cuimhin lena gharmhac John a athair mór, a mháthair agus é fhéin a bheith thall i gcuibhreann choirce tráthnóna Fómhair ag deireadh mí Lúnasa 1959 agus iad réidh le dhul i gceann oibre a ghearradh coirce. Tchíonn siad carr an tsagairt, an tAth. Mac Pháidín ag tarraingt isteach ar shráid an tí. Dar ndóigh sna blianta sin chan comhartha rómhaith a bhí ann an sagart a fheiceáil ag tarraingt ar theach ar bith. Chaith a athair mór uaidh an speal agus ar shiúl leis go deifreach ag tarraingt

ar an tigh. Thuig sé go raibh rud inteacht nach raibh ceart. 'Sé an scéala a bhí leis an tsagart ná gur maraíodh a mhac Micí an lá sin agus é ag tiomáint digger thall i Newcastle, áit a raibh sé ag obair. Ba mhór an buille a bhí i mbás Mhicí do mhuintir Mhicí Rua mar go raibh Micí mar chrann taca ag an teaghlach. D'imigh Paidí Mhicí Rua go buartha croíbhriste ar thuras uaigneach leis fhéin anonn go Newcastle. Ba sin triúr dá chlann a bhí anois ar shlí na fírinne. Bhí Micí Rua na seacht mbliana thar na ceithre scór nuair a fuair sé bás i 1965.

Cuireann teach Mhicí Rua i nGleann Raithnigh dán leis an file cáilúil Máirtín Ó Direáin im chuimhne. Tá bhéarsa sa dán a deireann -

**Thóg an fear seo teach**

**Is an fear úd**

**Claí nó fál**

**A mhair ina dhiaidh**

**Is a choinnigh a chuimhne buan**



Seo Lag na hUilinne sna fichidí agus na bádaí 'Zulu' ina luí díomhaoin ar bharr a' chladaigh. Lobh an chuid is mó acu agus baineadh úsáid as na creatlacha mar ábhar tine. Tá roinnt de na tithe a bhí i mbaile fearainn Cheann na Leargaí le feiceáil ar an taobh eile den uisce. Taobh amuigh de theach amháin níl anseo anois ach na ballóga.

# Seanchas le Seán Ó hEochaidh

## Fá Leaganacha Cainte




Seanfhocla, Téarmaí agus Leaganacha cainte atá neamhchoitianta nó nach bhfuil le fáil i gcaint an lae inniu.


I gcaint na ndaoine sa tseanam bhí sé coitianta agus nádúrtha cora cainte agus seanfhocail a úsáid ó lá go lá. Sílimse gur ceann de na rudaí ba mhó agus is mó a chur deireadh leis an tsaibhreas a bhí sa Ghaeilge ná an beagán léinn a thosaigh daoine a fháil. Sílim gur thosaigh an meath dáiríre i ndiaidh bhunú na Scoltacha Náisiúnta. Go dtí sin cha raibh mórán Béarla sa Ghaeltacht, ba chainteoirí ó dhúchas a bhí iontu uilig agus mórán acu nach raibh focal ar bith béarla acu. Bhí na daoine sin ag smaoineamh go nádúrtha i nGaeilge agus ní hionann sin agus an lá inniu. Nuair a thosaigh na Scoltacha Náisiúnta tosaíodh ar Bhéarla a bhrú ar na daoine agus táthar a dhéanamh sin go dtí an lá inniu. Agus ar ndóighe níl lá ar bith nach bhfuil sin ag éirí níos measa de thairbhe daoine a bheith ag léitheoireacht, tá na páipéir nuachta acu, tá an teilifís agus an raidió acu agus áiseanna eile acu atá ag cur isteach ar a dteanga dhúchais. I mo thuairim fhéin tá cuid mhór de na daoine, fiú amháin ins an Ghaeltacht, a bhfuil tionchar an bhéarla chomh láidir sin agus ag cur oiread brú ar na daoine go bhfuil cuid mhór acu ag smaoineamh i mbéarla agus ag aistriú go Gaeilge. Anois tá sé an-choitianta mar chuala mé agus chuir sé na seacht n-iontas orm cainteoir ó dhúchas agus cainteoir maith Gaeilge ag rá lá amháin—' fuair mo hata fliuch' in áit a rá – 'fliuchadh mo hata', 'fuair sé pósta ar bhean dheas' in áit a rá – 'pósadh é ar bhean dheas'. Tá rudaí mar sin le cluinstin agam achan lá sa bhliain agus ag go leor eile.


Cuireann sé iontas ormsa nuair a bhím ag caint leis na micléinn sna meánscoltacha a laghad eolais atá acu ar chora cainte, ar leaganacha cainte agus ar an saibhreas a bhí sa teanga leathchéad bliain ó shin. Dúirt mé gur thosaigh an meath leis na scoltacha náisiúnta ach leis an athrú milteanach a tháinig caithfimid a dhul siar tuairim is scór go leith bliain. Tá fhios agam fhéin teaghlaigh, áit a raibh teaghlaigh mheasartha mhór fosta agus an chéad leath den teaghlach sin tógadh iad sin le Gaeilge uilig agus an leath dheiridh den teaghlach le béarla. Ní thuigim fhéin go dtí an lá inniu cad é an dóigh ar tharla sin.

Bhí mórán de na cora cainte, de na leaganacha cainte agus de na seanfhocla a bhí ag na daoine an-suimiúil sa mhéid is go bhfaighfeá leideadh fríofa ar fhealsúnacht, ar stair , go

minic stair shóisialta na ndaoine agus ar an dóigh sin fhéin is fiú staidéar a dhéanamh orthu. Tá sé an-suimiúil an dóigh a bhfaigheann tú leideadh faoin dóigh ar chaith ár muintir an t-am, a gcaitheamh aimsire agus achan rud a bhain daofa. Anois bhéarfaidh mé sampla beag amháin simpli duit. Bhí mise thuas ar na Cruacha Gorma i gceartlár na Contae ag obair istigh ins na cnoic. Anois tá mé fíorchinnte de go raibh sé cúig nó sé déag de mhílte ar a laghad ón áit a raibh mise go dtí an Fhearthainn (Narin) cois farraige. Lá amháin tháinig mé trasna ar an fhear seo agus chuaigh mé i mbun cainte leis, bhí sé ag cur síos domh ar an fhear seo a gheall dó rud inteacht a dhéanamh dó ach ag an bhomaite dheireannach tharraing sé as. 'Sé an dóigh a dúirt sé liom é ná – **'rinne sé pilleadh 'n ghliomaigh orm'** . Chuir seo iontas an tsaoil orm fhéin, bhuel anois níl duine ar bith cois cladaigh nach bhfuil fhios aige cad é rud gliomach ann ach chuir sé iontas go brách orm cad é 'n dóigh a raibh fhios ag an fhear seo a raibh cónaí air amuigh thuas ins na cnoic fá philleadh an ghliomaigh. An té a bhfuil eolas aige ar photaí gliomach agus ar iascaireacht ghliomach beidh a fhios aige ar ndóighe cad é rud pilleadh an ghliomaigh ach an té nach bhfuil an t-eolas sin aige tá sé riachtanach a mhíniú dó. Bhuel an té a bhfuil eolas aige fosta ar an dóigh a bhfaightear greim ar an ghliomach tá fhios aige go dtéann an gliomach isteach i súil atá ar thaobh an phota agus itheann sé an baoite atá ar thóin an phota. Muna bhfuil fonn air fanacht istigh sa phota bhéarfaidh sé iarraidh a theacht amach agus tá a fhios ag achan iascaire nach dtáinig gliomach ariamh amach lorg a chinn, sé sin nach dtabharfaidh sé a aghaidh amach fríd an tsúil seo atá sa phota. Tig sé i gcónaí amach lorg a dheiridh nó lorg a thóna. Duine ar bith a dhéanfas **pilleadh an ghliomaigh** rachaidh sé ar a thóin ar dhóigh inteacht. Thiocfaí seo a úsáid go mór sa lá atá inniu agus tú ag caint faoi pholaiteoirí, tá cuid mhór acu a dhéanfas pilleadh an ghliomaigh, sé sin nuair nach bhfuil siad ábalta a gcuid geallúintí le linn am toghacháin a chomhlíonadh. 'Sé rud a chur iontas orm ná cén dóigh a raibh an t-eolas seo istigh i gceartlár na gcnoc ach d'fhoghlaim mé rud inteacht ón abairt sin. Ba ghnách le muintir an cheantair sin achan bhliain nuair a bhíodh an Samhradh agus an Fómhar críochnaithe acu, fómhar bainte agus istigh acu agus na prátaí bainte acu, ba ghnách leo a dhul síos cois farraige go dtí an Fhearthainn, bhí cairde thíos ansin acu, ba ghnách leo a dhul bliain i ndiaidh na bliana síos ansin agus coicís a chaitheamh thíos ann. Chan amháin go rachadh siad fhéin síos ach ba ghnách leo eallach a









thabhairt síos leo cois farraige agus ba léar leofa nuair a chaithfeadh siad seal beag thíos ansin agus nuair a bhéarfadh siad arais 'na bhaile iad go sábhálfadh sin iad ar chrupán agus aicídeacha eile a bhí ag baint leis an sliabh agus go ndéanfadh an t-athrú an oiread sin maith daofa.

**Chuir mé an cipín leis**: Má chuirtear ceist ar fhear cad é mar bhí sé ar aghaidh le baint na bprátaí nó le baint na mónadh nó a leithéid sin agus má bhéarann seisean mar fhreagra 'Chuir mé an cipín le baint na mónadh' nó 'Chuir mé an cipín le baint na bprátaí' is ionann sin agus a rá go bhfuil sé críochnaithe go hiomlán, an obair déanta.




Cuir i gcás go raibh iascaire tinn agus chasfaí mise agus tusa ar a chéile ar an bhealach mhór agus fios againn go raibh Conal iontach tinn aréir agus chuirfinnse ceist ortsa 'ar chuala tú iomrá ar bith ar Chonal inniu nó cad é mar tá sé' agus déarfá thu-sa 'Oh chuala mé maidin inniu **gur sheol sé** aréir'. Is ionann sin agus a rá go bhfuair sé bás, seo leagan eile cainte atá tógtha as an tseanchas.

**'An té nach múirfidh (maróidh) muiltín (molt) Muire múirfidh Muire muiltín dó'** Ba ghnách leis na daoine moiltín, sin uan nó caoire bheag fhireann a mharú i gcónaí in onóir d' Fhéil' Muire san Fhómhar. Bhí pisreoga ag baint le seo agus ba seo rud a raibh an-eagla orthu roimhe, 'sé sin an té a raibh caoirigh aige. Dar ndóigh bhí cuid acu nár mhaith leo an muiltín a mharú agus an té nach ndéanfadh sin in onóir don Fhéil Muire ba léir le daoine go n-imeodh droch bhail ar a chuid caorach. Nós a bhí anseo agus ní smaoineodh siad ar chaora a mharú am ar bith eile sa bhliain.




**'Bhí mé chomh gnoitheach le bean potaí ar aonach'**. Seo an rud a deirtí faoi dhuine a bheadh iontach gnoitheach. Is féidir léiriú a fháil ar shaol na ndaoine fríd na leaganacha cainte seo. Sa tseanam bhí aonach ar achan bhaile bheag agus ar achan bhaile mhór agus dar ndóighe cha raibh tithe bidh na óstáin chomh for-leathan agus atá siad sa lá inniu. Mar sin de thigeadh mná le chéile, mharódh siad cearca agus bheadh neart troisc nó éisc úr acu fosta agus bhruithfeadh siad prátaí. Dhéanfadh si-ad tine amuigh faoin spéir cois claí áit a n-ullmhódh siad a gcuid bidh. Dar ndóigh bhíodh




na céadta ar chuid de na h-aontaí agus ocras orthu, mar sin de tharraingeodh siad ar an áit a mbíodh na mná agus a gcuid potaí ina mbíodh an bia. Agus is cinnte go mbeadh na mná seo thar a bheith gnoitheach lá aonaigh – 'comh gnoitheach le bean potaí ar aonach'

'**Tá deireadh na noinín sa ghloinne.** Seo abairt áitiúil eile de chuid Theidhleann.Deir muintir na háite sin nuair a bhítí ag ithe nó ag ól deireadh rud ar bith. Dá mbeadh páiste ansin a mbeifí ag tabhairt milseáin dó, ceann anois agus ceann arís agus nuair a bhéarfaí an ceann deireanach dó déarfaí leis go raibh '**deireadh na noinín sa ghloinne'.,** 'sé sin go raibh deireadh faighte aige. Baintear feidhm as an abairt fosta ag tagairt do dhaoine a mbeadh deireadh a gcuid airgid ólta acu. Agus 'sé an seanchas a bhaineann leis ná seanlánúin a bhí ann agus nuair a bhí siad ag éirí aosta dhíol siad an spleotán talaimh a bhí acu. Thosaigh an bheirt ar an ól ansin agus nuair a bhí deireadh caite agus an braon deireanach sna gloiní d'ól an fear sláínte na mná agus dúirt sé go raibh **deireadh na noinín sa ghloinne**, 'sé sin go raibh deireadh luach an talaimh sna gloinní. B'fhéidir go mbíodh barr breá noinín ar a gcuid talamh .



**Bhí sé comh maith fiacháil le gad a chur ar ghaineamh...**

Tá a fios ag
nach féidir gad
amh, nach
shórt ar bith a
gad rópa ná fiú
cheangail ar
féidir é dhéa-
comh maith
dhuine gad a
amh le bheith
tabhairt ar
teacht a dhéa-
sé ag iarraidh a




chuile dhuine
a chur ar ghaine-
féidir ceangal de
chur air. Gad, sin
giota chorda a
ghaineamh, ní
namh.Bhí sé
agat iarraidh ar
chur ar ghaine-
a' iarraidh
dhuine rud in-
namh nach bhfuil
dhéanamh.

# Mo Laethanta i Scoil Náisiúnta Ghort na Bráide



le Breandán Ó Síoráin

Scoil Ghort na Bráide a tógadh 1929

Chaith mise laethanta scoile m'óige i scoil Ghaeltachta dhá-oide fá dhá mhíle taobh amuigh de Charraig Airt, áit a raibh mé mo chónaí. Bhí an scoil suite i mbaile fearainn Ghort na Brád agus b'iad Bean Uí Bhuaidhe agus an Máistír Mac Fhionnlaoich ár múinteoirí.

To



Tom Mac Fhionnlaoich

Bean lách chneasta a bhí i mBean Uí Bhuaidhe agus b'iad na bunranganna a bhí faoina cúram. Bhíodh a cuid gruaige ina cocán aici agus chaith sí éadaí dubha agus dar linne go raibh sí iontach sean. Ach ag féachaint siar air anois ritheann sé liom nach raibh sí ach ina cuid caogaidí. Bhí soláthar maith de bhrioscaí aici i gcónaí istigh i mbosca sa phrios agus ba mhinic a fuair páistí a bhíodh corraithe sólas agus faoiseamh ó bhriosca blasta ón bhosca chéanna – rud nua sna laetha sin.

Fear téagartha le spéaclóirí agus fiacla áille a bhí sa mháistír agus meangadh gáire a las a aghaidh go hiomlán. Ba mhór a shuim in achan chineál spóirt agus fosta bhí an –acmhainn grinn aige. Char spáráil sé an tslat ach oiread ach in ainneoin seo char lú ár meas air ní b'fhaide ar

aghaidh sa tsaol. Múinteoirí tiomanta a bhí sa bheirt acu, rud  a ba léir ó na torthaí a ghnothaigh siad. As na daltaí  sna ranganna sinsireacha  a bhí sa seomra ranga liomsa bhí fear amháin ar éirigh leis post bhainisteoir na Contae a bhaint amach agus cha raibh níos lú ná seachtar nár éirigh leo cáiliú mar mhúinteoirí agus tharla seo uilig de bharr na scoláireachtaí uilig a ghnothaigh siad chuig an mheánscoil.

Bhí aistear chruaidh 'na scoile againn achan mhaidin ós rud é go raibh muid in éadan na malacha chóir a bheith an bealach uilig. Bhí ceithre mhalaigh le trasnú againn: Malaigh  Thaidhg, Malaigh Newman, Malaigh Rodgers agus Malaigh na Scoile. B'í an mhalaigh dheireanach an ceann ab fhaide agus ba ghéire agus ba mhinic sa Gheimhreadh a bhíodh sé faoi chlúdach siocáin mar gheall ar na foinsí uisce ag a bharr a bhíodh ag stealladh uisce anuas i rith na bliana. Ba mhinic a chuaigh muid costarnocht sa tSamhradh, ag léimnigh go haerach  thar na clocha garbha ach, in amanna eile, ag baint barr den ladhar mhór nó cloch ghéar a' fágáil bonn na coise gearrtha brúite. Le teacht an Fhómhair bheadh muid ag súil go mór leis na bróga arda troma agus na stocaí olna troma a chur orainn.  Ag bun Mhalaigh na Scoile bhí seanstábla, áit a gcruinníodh muid le hamharc ar an obair baile agus leoga go minic chun é a chóipeáil.



Malaigh Thaidhg, ag dul síos go bealach Charraig Airt


Malaigh Newman


Malaigh Rogers


Malaigh Ghort na Bráide

Go minic d'fhiafraíodh daltaí a raibh Gaeilge ar a dtoil acu: 'Have you the sums made?' – aistriúchán díreach ar ' Bhfuil an uimhríocht déanta agat?' Ansin, agus achan rud déanta, chríochnódh muid ár n-aistear agus ag barr na malacha bhíodh ár n-aire dírithe go hiomlan ar dhoras an mháistir go bhfeicfeadh muid an raibh sé foscailte. Muna raibh bhí an seans ann go raibh sé as láthair. Ansin thosódh feitheamh fada agus nuair a chífeadh muid an hata agus an rothar a' nochtadh thar ghrua na malacha bhainfí an croí go hiomlán asainn. Cha raibh mórán iomrá ar airígh scoile, ar ndóiche, san am sin agus bhí lasadh na tine mar chéad timireacht an lae. Cha raibh a dhath furasta faoi bheith ag baint úsáide as seanchóipleabhair agus móin nach raibh i gcónaí tirim. Bhítí ag súil go dtabharfadh achan pháiste isteach dhá scilling in aghaidh na bliana le breosla a cheannacht agus muna dtiocfadh le tuismitheoirí an t-airgead a spáráil bhítí ag súil go dtabharfadh siad malach móna isteach nó lód giúise. Nuair a thiocfadh malach móna chuirfí na gasúraí móra amach le é a iompar isteach ón bhealach mhór go dtí cró na móna agus go bhfaire Dia ar an duine a d'oibreodh ró-ghasta! Cé nár chuala muid iomrá ariamh ar cheardchumainn thuig muid an dearcadh 'Glac go bog é!' Nuair a bhíodh soláthar móna na bliana rite amach b'éigean d'achan pháiste fód móna a bheith leis 'na scoile agus go bhfaire Dia ort muna raibh ceann leat! B'iomaí cruach mhóna ar baineadh fódaí aisti ar ár mbealach 'na scoile!

Cha raibh uisce reatha ar bith sa scoil agus bhí leithris tirim amuigh sa chlós a ghlantaí uair sa bhliain. Cuireadh beirt ghasúr chun an tobair achan mhaidin le buicéidí fíoruisce a fháil le hól. Fágadh iad i gcoirnéal an tseomra ranga agus 'pandy tin' in aice leo ónar ól achan duine. Cé nach gcoinneodh an t-uisce mianraí atáthar a dhíol faoi láthair ar luach an-ard, an choinneál don fhíoruisce sin is iontach nár chuir an modh ólta isteach orainn mar nach raibh sé róshláintiúil go háirithe le linn tréimhse a raibh aicídí mar an eitinn agus galar an tochais chomh coitianta sin.

Ar aon nós cha raibh an chosúlacht ann go ndearna sé dochar ar bith dúinn agus cha raibh gearán ar bith fá dtaobh de. Bhí scuabadh na seomraí ranga mar dhualgas orainn fosta achan tráthnóna Dé hAoine. D'fhan muid ar ais in ár seal i ndiaidh am scoile le seo a dhéanamh. Dhéantaí an scuabadh i ndiaidh do na binsí fada a bheith bogtha ar leataobh agus neart uisce a bheith spréite ar an urlár leis an dusta a choinneáil síos. Aisteach agus mar atá sé níl mórán cuimhne agam ar


Ba anseo a bhí an siopa in aice na scoile

cheachtanna scoile. Bhí mo chroí sa mhatamaitic agus fuair muid ár miosúr laethúil de mheabhairuimhríocht (mental arithmetic) chun ár n-intinn a choinneáil géar. B’fhuath liom na cinnlínte mar nach raibh mo chuid peannaireachta thar mholadh beirte. Le cur le mo chuid léin bhí mo dheartháir óg Eoghan ina scoth scríbhneora agus chuirtí a chuid oibre os mo chomhair i gcónaí le bheith mar shampla domhsa. Ba chosúil é le cead a cinn a thabhairt do chearc i mbairille tarra le bheith a’ tabhairt peann agus dúch ( a rinneadh sa tseomra as púdar agus uisce) domhsa. Bhí guth breá binn ag an mháistir agus d’fhoghlaim muid cuid mhór amhrán álainn Ghaelach mar: ‘ Cruacha Glas na hÉireann’, agus ‘Ní fheicfear Nios Mó Thú’, cuid acu mar pháirtamhráin le dhá nó trí pháirt.

Cé go bhfuil mo chuimhní  faoin obair scoile doiléir go leor, a mhalairt ar fad atá fíor faoi am súgartha. Cha bhíodh againn d’am lóin ach cúpla píosa breá d’arán baile clúdaithe in im agus b’fhéidir corruair subh. Bhí siopa beag in aice na scoile ag Den agus Cití Cullen agus sa tsiopa seo thiocfadh le duine cúpla slios  aráin  (iad gearrtha ar shliosaire bagúin) agus subh a cheannacht ar phingin. Chan rómhinic a bhíodh pingin ag duine ar bith againn ach rinne teaghlach Uí Chuilinn cinnte, mar go raibh an maitheas sin iontu, nach mbeadh páiste ar bith buailte ag ocras. Bhí clós scoile do na

gasúraí agus ceann eile do na girseachaí ach bhí siad clúdaithe i gclocha garbha agus chan ró-oiriúnach a bhí siad le bheith ag súgradh iontu.Théadh na girseachaí agus na páistí beaga de ghnách ag sleamhnú ar charraig mhín a bhí os comhair na scoile. Cé gur shamhlaigh muid an charraig a bheith ollmhór ag an am cha raibh sí i ndáiríre ach tuairim is deich dtroigh ar aoirde.

Théadh na gasúraí móra ag imirt peile i bpáirc riascach ar chúl an tsiopa. Bhéartaí Kit's Lea ar an pháirc seo agus is iomaí cath a troideadh ann de chinéalacha éagsúla. D'imir muid le liathróid bheag bhog agus cha raibh ceathrú anama a iarraidh ná a thabhairt. Cha raibh mórán éilimh ar ról an chúlbáire sna laethanta sin agus de ghnách bhí Tom Mc Grath agus mé fhéin i measc na chéad daoine a roghnófaí, chan amháin go raibh muid sásta imirt mar chúlbáirí ach bhí muid aitheanta mar chúlbáirí maithe.Bheadh toradh an chluiche mar ábhar cainte ar feadh an chuid eile den lá, go háirithe dá gcríochnódh sé ina ruaille buaille mar a tharla go minic.

San Fhómhar ba ghnách linn corruair aghaidh a thabhairt ar an choill áitiúil le cnóanna a phiocadh agus ba anseo fosta a thosófaí ar chaitheamh toitíní. Tharraingeodh gasúr inteacht amach bosca stáin a mbeadh cúpla



Teach Bhiddy Eddie

'butt' ann, traidhfil cipíní solais agus bhíodh achan ghasúr ina fhear dhéanta agus cúpla smailc a bhaint aige as na 'butts'. Is annamh nach bhfaigheadh na girseachaí amach faoi na heachtraí seo agus fágadh deis bhagartha acu a d'úsáid siad lá i ndiaidh lae -- go háirithe don obair bhaile. Caitheamh aimsire eile a bhí againn ná 'Hounds and Hares' áit a n-imeodh gasúr amháin ina rith agus d'imeodh an mhuintir eile sa tóir air. Ba ghnách le Bobby Coyle, a bhí ina ghasúr beag miotalach aghaidh a thabhairt ar Chnoc Ara agus ba sin an radharc deireanach a gheobhadh muid air. Le linn na n-amanna uilig a raibh sé mar ghiorria ní cuimhin liom gur beireadh air ariamh cibé áit a raibh a chró folaigh. Dar ndóighe dhéanfaí dearmad den chlog agus chan rud neamhchoitianta a bheadh ann muid pilleadh ar an scoil agus an clós a bheith folamh agus achan duine eile arais ag obair. Le linn dúinn a bheith inár seasamh i líne taobh istigh de dhoras an tseomra bhí a fhios againn cad é a bhí romhainn!

Nuair a bhíodh an lá scoile thart cha bheadh deifir ar bith 'na bhaile orainn agus ba mhinic muid ag dul d'achan chineál diabhlaíochta agus cleas-aíochta. Bhí teach beag gallánta aoldaite ag an bhaintreach Biddy Eddie ag bun mhalaigh na scoile. Thart fan doras bhí rósanna óna raibh cumhrán a bheas liom a choíche. (Cé go n-amharcann rósanna an lae inniu go hálainn céanna cad é is ciall dóibh a bheith chomh mór in easnamh i gcumhracht?) Ar chúl an tí bhí úllord ina raibh crainn faoi ualach trom d'úllaí lena mboladh milis agus fosta bhí toir spíonóg agus blackcurrant. Dúirt Biddy linn i gcónaí ceist a chur fá choinne na dtorthaí dá mbeadh torthaí ar bith a dhiobháil orainn agus bhí sí chomh maith lena focal. De thairbhe seo char briseadh isteach san úllord ariamh mar nach raibh dúshlán ar bith ann. Bhí úllord eile ag Paidí agus Shus Long Barney, deartháir agus deirfiúr a raibh cónaí orthu níos faide ar aghaidh.Cha dtabharfadh Shus úllaí ar bith duit ach dhíolfadh sí rudaí leat. Mar sin de 'sé an cleas a bhí ann ná cúpla duine soineanta i gcosúlacht a dhul isteach 'un tí aici le margadh a dhéanamh léi agus fhad agus bhí sise sáite sa mhargaíocht bhí cuid den mhuintir eile thuas sna crainn ag líonadh a gcuid málaí le fia-úllaí nár itheadh ariamh. Go maithe Dia dúinn é!

Ar ith tú turnip fuar as cuibhreann ariamh? D'ith muidinne go leor acu. Ba ghnách linn a dhul isteach sa chuibhreann seo agus turnapaí a tharraingt, iad a bhualadh ar chloch agus ansin an taobh istigh acu a chreimeadh. Shroich tú an teach, do bhéal scallta agus pian i do bholg agus an cúram

dúshlánach ort míniú do do mháthair cad chuige nach raibh ocras ort. Ach bhí lá amháin ann agus bhí iníon an fheirmeora i bhfolach ag fanacht linn agus slat bhreá saileoige ina glaic, chuir sin deireadh leis an iompar sin ar feadh tréimhse. Ach san am chéanna rinne muid rudaí ar an bhealach ‘na bhaile in amanna a bhí níos soineanta. San Earrach bhí na claíocha breactha le samharcainí agus a leithéid de chumhrán a tháinig uathu. Ba ghnách linn lán glaice de na samharcainí a phiocadh, a dtabhairt ‘na bhaile agus iad a chur i ngloinne uisce. Ansin chuireadh muid iad ar altóir na Bealtaine a bhí mar ghné d’achan teach Caitliceach san am sin. Is iad na samhaircíni na bláthanna is rogha liom go dtí an lá inniu de thairbhe na cuimhní a mhúsclaíonn siad ionam.

Ceann de na rudaí a bhualann liom agus mé ag tabhairt na laetha sin ‘un cuimhne ná a laghad daoine a tharraing ar an scoil i gcomparáid leis an lá inniu. Is annamh a thug tuismitheoirí cuairt ar an scoil, bhí siad sásta an obair a bhain le oideachas na bpáistí a fhágáil acusan a bhí oillte go speisialta fána choinne. A leithéid de dhifríocht i saol an lae inniu, áit a bhfuil achan duine ina shaineolaí i gcúrsaí oideachais agus gan ach an t-aon pháiste amháin foirfe ar an saol agus gur le gach tuismitheoir é! ‘Sé an t-aon sagart a chonaic muid ná cigire eaglasta na deoise ar a chuairt bhliantúil agus bhíodh an tseachtain roimhe sin caite againn ag foghlaim de ghlan mheabhair ceist i ndiaidh ceiste gan deireadh. Uair sa mhí thagadh duine de na gardaí áitiúla a bhí mar oifigeach tinrimh ( m’athair fhéin) le súil a chaitheamh ar an tinreamh. Bhí lúchair an domhain orainn é a fheiceáil ag teacht mar go mbeadh sé fhéin agus an múinteoir , de ghnáth, sáite i gcomhrá fada eatorra fhéin (faoi chúrsaí peile is dócha!) agus fuair muidinne scíste a raibh muid buíoch ar a shon.

Ba é an cigire an t-aon duine eile a bhuail isteach chugainn. Tháinig seisean uair sa bhliain le páistí a scrúdú do dheontas Gaeltachta labhairt na Gaeilge a raibh an luach flaithiúil de dhá phunta ag dul leis. Duine gan ghreann a bhí ann, craiceann mheaite, súile dorcha doimhne a raibh mar-canna dubha faofa agus fiacla fada buí. Níl amhras ar bith ná go gcuirfeadh páistí an lae inniu Dracula mar leasainm air. Bhí neart eolais againn roimhré i gcónaí go raibh sé ar an bhealach mar go bhfanfadh sé san óstán áitiúil. Cha raibh mórán carranna ar an bhealach ag an am sin agus cha raibh sé doiligh a cheannsan a thabairt faoi deara. Ba ghnáth le m’athair nóta a thabhairt domh don mháistír nuair a bhíodh ár gcara sa

timpeallacht agus chuirfí duine inteacht amach mar gharda faire don chuid eile den lá. Comh luath agus a d'fheicfí a charr chuirfí an bata i bhfolach ar chúl an phrios agus d'fhanadh muidinne ag fanacht air a theacht isteach. Bhíodh níos mó eagla ar na múinteoirí roimhe ná mar bhí orainne agus ba mhór an t-ábhar faoisimh a bhí ann d'achan duine nuair a bhaineadh sé na bonnaí as. Aghaidh an mhúinteora, nuair a d'fhágadh sé, a thug le fios cad é mar fuair muid ar aghaidh agus i ndiaidh domh mo lámha a fháil ar leabhar na tuairisce níos moille i mo shaol tá fhios agam anois go raibh na tuairimí i gcónaí, chor a bheith, fabhrach.

Is fada an tseanscoil druidte mar atá an siopa ag a thaobh cé go bhfuil na foirgnimh ansin go fóill. Tá na múinteoirí anois ar shlí na fírinne mar atá Biddy Eddie, Susan agus Paidi, Den Cullen agus mórán de m'iarchomrádaithe scoile. Ach fanann a gcuimhní thart i gcónaí fé mar a fhanann a lán cuimhní sona atá agam fhéin faoi na laethanta a chaith mé i ScoiL Náisiún-ta Ghort na Bráide.


Teach Phaidí & Shus Long Barney

# Breandán Ó Síoráin



Rugadh Breandán i gCarraig Airt sa bhliain 1938, duine de sheachtar clainne agus an mac ba sine a bhí ag an gharda Pádraig Ó Síoráin ón Mhuileann Cearr, Co. na hIarmhidhe agus a bhean Annie (Ciss) Reidy, gurb as Co Mhuigheó di ó dhúchas.

Fuair Breandán a chuid bunoideachais i Scoil Ghort na Bráide agus uaidh sin chuaigh sé ar scoláireacht go Coláiste Éinde i nGaillimh sa bhliain 1953. I ndiaidh scrúdú na hArdteistiméireachta a dhéanamh sa bhliain 1957 chuaigh sé ar aghaidh go Coláiste Phádraig i nDroim Conrach áit ar cháiligh sé mar mhúinteoir sa bhliain 1959.

Theagasc sé i Scoil Náisiúnta, Rath Maoláin, Scoil an Phointe in Ard a' Rátha agus i Scoil Cholmcille i nDuibhlinn Riach. Sa bhliain 1968 d'aistrigh sé go Baile Átha Cliath áit ar theagasc sé i Scoil Assaim i Ráth Eanaigh, scoil ina ndearnadh príomhoide de inti sa bhliain 1978.

Ar an drochuair fuair sé bás ina fhear óg i mí Iúil 1994 agus gan é ach sé bliana agus leathchéad. Tá cuimhne ag a chomhmhúinteoirí agus a chuid iarscoláirí air go fóill le meas agus urraim.

**A Shaol Pearsanta.**

Le linn an ama seo bhí Breandán ina bhall gníomhach de Chumann Thír Chonaill i mBaile Átha Cliath agus mar Rúnaí bhí baint dhíreach aige le Gradam Pearsan Thír Chonaill na Bliana a chur ar bun agus mar gheall ar a chuid scileanna scríbhneoireachta ba é a scríobh cuntas molta na chéad bhuaiteoirí.

Phós Breandán Caitlín Ní Ghallchóir as Ard a'Rátha agus bhí ceathrar clainne acu: Ann Marie, Caitríona, Pádraig agus Pauline agus cé go raibh cónaí orthu i mBaile Átha Cliath ba Dún na nGall an 'baile'.

Scríobh Breandán alt álainn fá na laethanta a chaith sé ar scoil Ghort na Bráide agus tá sé soiléir go raibh féith na scríbhneoireachta go smior ann. Lena chois sin tagann cuid dá thréithe pearsanta fhéin fríd a chuid scríbhneoireachta—fear séimh carthanach, gan aon cháineadh ná searbhas faoi dhuine ar bith a casadh air na blianta sin

# Ó Shéasúr go Séasúr

## le Míchéal Mac Laifeartaigh (Micí Mharcais)

Ag an am seo den bhliain tá turas na gréine níos ísle sa spéir. Tagann clapsholas níos luaithe agus ansin bíonn oícheanta fada againn agus iad dubh dorcha. Tá ciúnas sa nádúr, níl ceol na n-éan ná crónán na mbeach le cluinstin. Ins na daichidí agus sna caogaidí nuair a bhí mise ag dul 'na scoile bhí rithim shaol na ndaoine ag brath go mór ar na séasúir. Chuirfí an barr san Earrach, dhéanfaí giollacht air i rith an tSamhraidh agus san Fhómhar bheadh toradh do shaothar agat. Ag an am seo den bhliain bheadh na cruacha féir agus coirce sa gharradh, cruach mhóna béal dorais agus teaghlaigh gnoitheach ag baint na bprátaí agus a gcur i bpoill chréafóige sna cuibhrinn. Go minic bheadh meitheal i mbun na hoibre, in amanna eile b'iad an teaghlach fhéin idir óg agus sean a dhéanfadh an saothar.

Anois bhí daoine sásta, rinne siad a ndícheall i rith na bliana agus le toradh a saothair bhí uchtach acu an t-ocras agus an fhuacht a choinneáil ó dhoras le linn an Gheimhridh. Mar a dúirt mé cheana fhéin bhí dlúthcheangal idir saol na tuaithe agus séasúir na bliana. Bhí cothú coirp ag an phobal a chuideodh leo dúlaíocht an Gheimhridh a chur tharstu ach bhí sé furasta tabhairt faoi deara fosta go raibh smúid ag teacht ar an dúlra. Bhí solas na gréine níos laige agus dathanna lonracha an tSamhraidh ar iarraidh. Thiocfaí a rá go raibh uaigneas an bháis ar an dúlra agus chuir an t-uaigneas seo srian stuama ar an lúchair a bhí ar dhaoine. Bheadh lúchair agus uaigneas sa chroí amháin. Ba é seo rithim an nádúir, sin mar a bhí sé leis na blianta agus luigh meoin agus iompar an phobail leis. Ach chan marbh a bhíos an dúlra ach ina codladh. In ainneoin dreach an bháis a bheith ar aghaidh an dúlra bíonn a croí te. Bíonn leapacha seascara le fáil ag ainmhithe agus fabhraíonn an bláth, an planda agus an pór i mbroinn an dúlra. Téann obair na beatha chun cinn.

**Saol gan Leictreachas.**

Tá mé ag caint anseo ar na daichidí agus na caogaidí sula dtáinig leictreachas go Ros Goill. Ba ghnách le lampa ola amháin a bheith i ngach cistineach, an lampa crochta ar thairne sa bhalla in aice an dorais. Wick amháin a bhí sa lampa, dá mbeadh lampa le wick dúbáilte bheadh an teaghlach sin ag bogadh suas sa tsaol agus creidim nach

mbeadh réiceáil acu sa teach! Cha raibh an solas láidir agus d'fhágfadh sin an seomra lán scáilí. Go minic bhíodh níos mó solas ag teacht as bladhairí na tine. Ag an am seo fosta thosaigh tithe a fháil 'tilley lamps'. Bhí an solas a tháinig uafa níos fearr agus bhí sé de bhuntáiste go rabhthar in ann é a thabhairt 'na bhoithigh agus 'na stábla le fodar a thabhairt don eallach roimh dheireadh na hoíche.

**Tithe Réiceála.**

B'iomaí cineál tí réiceála a bhí ann san am sin; tithe a dteachaigh an t-aos óg ar cuairt ann; tithe a raibh craic maith iontu, ar an bhaile s'againne i dtí an Bhodaigh, teach a bhfuair an lucht siúil foscadh agus dídean; tithe a raibh tine mhaith acu; bean a rinne an té agus a thug greim de thoirtín maith le hithe; corr áit a ndéanfaí pota maith bracháin; tithe a n-inseofaí scéalta faoi thaibhsí agus cúpla teach a n-aithriseofaí dánta béarla agus béim curtha ar an fhuaimniú a bheith ceart. Bhí a rogha fhéin ag achan duine. Chuaigh corr fhear ar lorg mná. Bhí fear amháin a dtabharfaí 'Oatfield' mar leasainm air mar go mbeadh pocán milseán ina phóca leis i gcónaí lena ghrágheal a mhealladh.

**An Réiceáil Tigh s'Againne.**

'Sé mo chuimhne pearsanta fhéin den réiceáil ná a bheith mo shuí ag ceann an tábla i mbun m'obair bhaile agus cluas ghéar orm don chomhrá cois tine. Tháinig an Bodach isteach achan oíche fá choinne buidéal bainne agus bhí lúchair orm nuair a thógfaí 'latch' an dorais agus shiúlfadh sé isteach go ciúin socair. Bhain mé an-sult as a sheanchas agus a scéalta.Bhíodh scéalta leis fosta uaidh an lucht siúil a fuair foscadh ina theach. Thiocfadh seanduine eile a réiceáil go minic gan focal as go dtí go raibh sé i lár an urláir agus ansin deireadh se: ' How are you all be here?' Bhí sé mar charachtar as an Bhíobla. Grágán mór de ghruaig liath air faoi sheanbhearád, feasóg mhór bhán ar a raibh lorg na luatha buí inti agus seanchóta go dtí a mhúrnáin air. Fear cliste agus ba ghnách leis an páipéar a léamh don chuideachta. Ba scéalta áitiúla a bhí le cluinstin ag oíche réiceála; luach ainmhithe ar aonach Bhaile na nGallóglach nó an Chraoslaigh; bó ar dáir agus comharsa a raibh tarbh breá óg aige de phór maith; daoine a tháinig 'na bhaile le gairid ar an bhus; bean a chonacthas ag Aifreann an Domhnaigh agus éadach úr uirthi, cuma air go dtáinig sé as Meiriceá; bó a chuaigh tirim roimh a ham. Bhí an bhó seo caite. Chaithfí duine a fháil le í a thomhais. Bhí eolas cruinn ar luibheanna a bhí maith don tsláinte agus ansin daoine áirithe a raibh leigheas acu.

**Scéalta ón Chomharsanacht.**

Ansin bhí scéalta acu faoi rudaí a thit amach sa chomharsanacht. Bhí fear ann a bhí in ísle brí agus d'iarr sé ar a chomharsa a dhul chun na hArdaidh chuig Fr. Andrew le hoifig a fháil léite. Thug sé traidhfil scillingeacha dó le tabhairt don tsagart. Ar an bhealach 'na hArdaidh bhuail an tart an duine seo agus é ag dul thart le Teach Tabhairne Mháire Hannah ar an Chaiseal. Chaith sé an t-airgead agus phill ar an bhaile. Maidin lá arna mhárach chuimhnigh sé ar a ghnoithe chun na hArdaidh! Fuair sé gráinnín salainn, chroith sé deoir uisce coisricthe air, chuir é i gclúdach litreach agus thug suas chuig a chomharsa é. 'D'iarr Fr. Andrew ort é a chur ar d'ubh achan mhaidin agus beidh tú ar dóigh i gceann seachtaine'. Bhí mo dhuine ar a sheanléim sula raibh an tseachtain caite.

Scéal a chuala mé oíche eile faoi chomharsa a cheannaigh beathach ar aonach an Chraoslaigh.Bhí sí breá socair, aois mhaith aici ach shíl sé go ndéanfadh sí gar dó amach san Earrach. Bhuel nuair a tháinig an t-Earrach bhí an capall seo ar bhfiáin. Cha raibh sí sásta gléas de sheort ar bith a ligint uirthi fhéin. B'éigean í a bhacáil suas in aice na fuinneoige leis an broaching a shocrú uirthi. Fhad is bhíthear ag síneadh amach ar an fhuinneog le seo a dhéanamh bhí an beathach ag caitheamh leadhban-na aoil agus plástair den bhalla le achan chic.

Bhí réimse leathan ábhair ag na hoícheanta réiceála.Bhí fear eile a raibh sé ar intinn aige pósadh ach cha raibh an deamheas acu ar an bhean a bhí ar intinn aige pósadh. '' A Pheadair' a dúirt duine acu leis, ' Níl sí fiú amháin in ann bó a bhlí'. 'Tá sí óg go le-or le foghlaim' an freagra a thug sé orthu. Bhí si thar an daichead ag an am. Phós si-ad, cha raibh bó acu, char fhoghlaim sí le bó a bhlí.

Mar a dúirt mé bhí réimse leathan ábhair ag an réiceáil.Cha raibh achan ábhar oiriúnach do mo chluasa. Thosódh siad a chogarnaigh, ba sin mo chomhartha le héis-teacht ghéar a dhéanamh.

Chuirfí fáilte roimh an té a tháinig isteach. Déarfaí leis ' Tar aníos agus suigh síos' Dhéanfaí spás ag an tine, chuirfí ceist, 'Scéal úr ar bith leat?'

**Cothú Intinne agus Anama.**

Rinne mé tagairt cheana den stór bidh a bhí ag an phobal mar chothú coirp i rith an Gheimhridh; sílim fhéin go raibh an réiceáil mar chothú intinne agus anama dóibh. I rith dhoineann an Gheimhridh, gaoth mhór, báisteach agus fuacht bhí daoine in ann theacht le chéile agus sólas, misneach agus uchtach a thabhairt dá chéile.Bhí obair

# Déan do ghnó ag



# Mhicí Joe







**Ta stór Mhicí Joe in Umlach,**

**Stór a bhfuil clú air is cáil.**

**Is cuma cad é atá uait**

**Is ann a gheobhas tú 'n conradh is fearr**

## Prices to suit your pocket!




## Siopa Grósaera

## Siopa Búistéara

## & Off-Licence

## faoin díon amháin